




Cás-staidéir – Sorcha agus Seán



Dia dhaoibh, is mise Sorcha.



Táim naoi mbliana déag d'aois agus táim sa chéad bhliain san ollscoil. Tá cúrsa cócaireachta á dhéanamh agam i DIT. Mairfidh an cúrsa 3 bliana.

Is as Cill Chainnigh dom, ach tá cónaí orm i dteach i mBaile Átha Cliath le ceathrar cairde. Roinnimid an cíos ach tá sé sách costasach. Íocaimid €300 an duine gach mí.



Nuair a thosaigh mé an cúrsa, bhí orm neart uirlisí cócaireachta a cheannach. Bhí costas €200 orthu. Is dócha go dtarlóidh an rud céanna ag tús na bliana seo chugainn. Tá billí eile le híoc agam freisin. Roinnimid na billí go léir sa teach, ach íocaim timpeall €250 in aghaidh na míosa idir na billí seo agus bia.

Faighim deontas €500 gach téarma, ach ní théann sin i bhfad. Tá trí théarma ann – sin €1500 in aghaidh na bliana. Tá an t-ádh orm, mar thug m'uncail iasacht €3,900 dom le cabhrú liom nuair atáim san ollscoil. Tá an tsuim sin roinnte agam ar a trí, sa tslí go mbeidh €1,300 agam gach bliain den chúrsa. Ní bheidh orm é a íoc ar ais go dtí go mbeidh an cúrsa críochnaithe agus ní bheidh aon ús!



Tá post páirtaimseartha agam. Oibrím 20 uair in aghaidh na seachtaine. Faighim €8.65 in aghaidh na huair, ach bíonn orm stopadh nuair a bhíonn scrúduithe agam.

Ciallaíonn seo go n-oibrím 7 mí in aghaidh na bliana. Ach nuair a bheidh mo scrúduithe críochnaithe agam, beidh 35 uair ar fáil dom don trí mhí sa samhradh – ar an ráta céanna.


Caithim ar a laghad €50 gach seachtain ag dul amach. Tá carr agam freisin. Cosnaíonn árachas €425 in aghaidh na bliana agus cosnaíonn cáin €310. Íocaim €20 ar pheitreal gach coicís – ag filleadh abhaile. Faigheann cara liom an bus agus íocann sí €10.80 ar thuras fillte gach seachtain.

Ceapaim go bhfuilim réasúnta ciallmhar ag buiséadú – mar bíonn dóthain airgid agam gach téarma go dtí go bhfaighim an deontas. Ach beidh orm m'uncail a íoc ar ais nuair atá mo chúrsa críochnaithe. Mar sin tá gá le feabhas i gcónaí.





Cás-staidéir - Sorcha agus Seán



Dia dhaoibh, is mise Seán.

Táim cúig bliana déag d'aois agus táim sa tríú bliain sa scoil. Ba mhaith liom an idirbhliain a dhéanamh an bhliain seo chugainn mar tuigim go ndéanann na daltaí tionscnaimh iontacha agus go dtéann siad ar thuras thar lear freisin.

Deir mo thuismitheoirí go dtabharfaidh siad airgead póca don turas dom, ach go mbeidh orm féin an costas €350 a íoc.



Tá post páirtaimseartha agam - ag dáileadh nuachtán go háitiúil. Íocann seo €20 in aghaidh na seachtaine agus faigim €10 airgead póca ó mo thuismitheoirí gach Satharn.



Is iondúil go gcaithim timpeall €10 gach seachtain ar bhia agus deochanna - agus €10 ar chluichí ríomhaire nó an phictiúrlann.

Ceannaím éadaí nó bróga nua timpeall uair sa mhí - thart ar €30 ar an meán. Nílím go maith ag sábháil, ach táim ag iarraidh dul ar an turas seo, mar sin beidh orm tosú go luath.

